# Crith Talún san Afganastáin

Eochairfhocail: crith talún, Afganastáin, sciorradh talún, scoite amach, polaitíocht inscne, plódú, teifigh

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cathain a bhuail an crith talún an Afganastáin?
2. Cén fhad atá idir an ceantar a buaileadh ag an gcrith talún agus Kabul, príomhchathair na hAfganastáine?
3. Luaigh cúis amháin a raibh ar an lucht tarrthála héileacaptar agus sínteáin a úsáid chun teacht i gcabhair ar dhaoine?
4. An fios go díreach ag an bpointe seo an líon daoine a maraíodh ag an gcrith talún?
5. Cén t-ainm a thugtar ar an dream atá i bhfeighil na hAfganastáine arís ón mbliain 2021?
6. Cad é an rud is mó atá ag teastáil ó mhuintir an cheantair anois, dar le hAonghas Lambkin?
7. Cad í an fhadhb mhór a bhaineann leis na seirbhísí sláinte san Afganastáin anois, dar le hAonghas?
8. Luaigh tír amháin as ar díbríodh teifigh de bhunadh na hAfganastáine le déanaí.
9. Cén cur síos a dhéanann an tuairisceoir ar an ospidéal in Jalalabad?
10. An bhfuil aon eolas agat ar áit eile ar domhan ar bhuail crith talún í?



Foghlaim TG4

## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Fíor nó Bréagach

**Féach ar an bhfíseán arís agus aimsigh an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.**

| **Bhuail crith talún an Afganastáin le déanaí** | **F** | |
|---|---|---|
| Ceantar iargúlta in oirthear na hAfganastáine a buaileadh | | |
| Is í Islamabad príomhchathair na hAfganastáine | | |
| Grúpa darb ainm an Taliban atá i bhfeighil na hAfganastáine le ceithre bliana anuas | | |
| Tá sé an-éasca ag an lucht tarrthála teacht i gcabhair ar na daoine atá thíos leis an gcrith talún seo san Afganastáin | | |
| Tá a lán ban ag obair sa chóras sláinte san Afganastáin anois | | |
| Tá teorainn ag an Afganastáin leis an India | | |
| Tá na hospidéil sa chuid sin den tír ag streachailt go mór faoi láthair | | |
| Tá a fhios go díreach ag rialtas na tíre cé mhéad duine a maraíodh ag an gcrith talún seo | | |
| Tarlaíonn tubaistí nádúrtha sách minic san Afganastáin | | |

## Gníomhaíocht Labhartha agus scríbhneoireachta:

Ag obair le do pháirtí ranga labhraigí lena chéile faoi thubaiste nádúrtha eile a tharla ar domhan le bliain anuas. Déanaigí iarracht 20 abairt a chumadh faoin tubaiste nádúrtha atá roghnaithe agaibh. Cabhróidh an foclóir seo a leanas libh.

- tuilte
- crith talún
- an-chuid daoine leonta
- na seirbhísí éigeandála
- deacrachtaí
- fadhbanna cumarsáide
- na hospidéil ag cur thar maoil le hothair
- ba cheart don rialtas níos mó a dhéanamh
- teastaíonn níos mó .....
- tá an aimsir ag dul i ndonacht

- ag dul i bhfeabhas
- tá géarchéim náisiúnta fógartha
- lá oifigiuil dobróin
- i sáinn
- easpa bia agus uisce
- i ndeireadh na feide
- líon na marbh
- teacht i gcabhair ar
- cabhair dhaonnúil
- bonneagar

Foghlaim TG4

Freagraí

1. Go gairid roimh mheán oíche
2. Thart ar 140 ciliméadar siar on gceantar
3. Droch-chaoi ar na bóithre agus sciorradh talún
4. Ní fios, dar leis an Aireacht Gnóthaí Baile
5. An Taliban
6. Seirbhísí sláinte
7. Níl na mná a bhíodh ag obair sa chóras sláinte ag obair ann a thuilleadh
8. An Phacastáin agus an Iaráin
9. Ag cur thar maoil le daoine nó plódaithe

| **Bhuail crith talún an Afganastáin le déanaí** | **F** | |
|---|---|---|
| Ceantar iargúlta in oirthear na hAfganastáine a buaileadh | F | |
| Is í Islamabad príomhchathair na hAfganastáine | | B |
| Grúpa darb ainm an Taliban atá i bhfeighil na hAfganastáine le ceithre bliana anuas | F | |
| Tá sé an-éasca ag an lucht tarrthála teacht i gcabhair ar na daoine atá thíos leis an gcrith talún seo san Afganastáin | | B |
| Tá a lán ban ag obair sa chóras sláinte san Afganastáin anois | | B |
| Tá teorainn ag an Afganastáin leis an India | F | |
| Tá na hospidéil sa chuid sin den tír ag streachailt go mór faoi láthair | F | |
| Tá a fhios go díreach ag rialtas na tíre cé mhéad duine a maraíodh ag an gcrith talún seo | | B |
| Tarlaíonn tubaistí nádúrtha sách minic san Afganastáin | F | |